# CISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA (CFRE)

Is ceann de na príomhionstraimí airgeadais atá i mbeartas comhtháthaithe an Aontais é Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE). Bunaíodh é in 1975 chun éagothromaíochtaí idir leibhéil forbartha na réigiún éagsúil Eorpach a laghdú agus caighdeáin mhaireachtála sna réigiúin is mídheisiúla a fheabhsú. Tugtar aird ar leith ar réigiúin atá buailte ag míbhuntáistí nádúrtha nó déimeagrafacha diana agus buana, amhail na réigiúin is faide ó thuaidh a bhfuil dlús daonra an-íseal iontu chomh maith le réigiúin oileánda, trasteorann agus shléibhtiúla.

## AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 174 go 178 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

## CUSPÓIRÍ

Foráiltear in Airteagal 176 CFAE go bhfuil sé ceaptha do CFRE rannchuidiú leis na príomh-mhíchothromaíochtaí réigiúnacha san Aontas Eorpach a cheartú. Is féidir leis é sin a dhéanamh trí thacú leis na nithe seo a leanas:

— forbairt agus coigeartú struchtúrach ar réigiúin ina bhfuil forbairt ag titim chun deiridh;

— tiontú a dhéanamh ar réigiúin thionsclaíocha atá ag meath.

Bunaíodh rialacha do CFRE sa tréimhse 2021-2027 sna rialacháin seo a leanas:

— Rialachán maidir le CFRE agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe;

— Rialachán maidir le forálacha sonracha le haghaidh sprioc an Chomhair Chríochaigh Eorpaigh (Interreg).

Tá dhá phríomhsprioc ag CFRE, eadhon:

— Infheistíocht le haghaidh fáis agus post — a bhfuil sé mar aidhm léi an margadh saothair agus geilleagair réigiúnacha a neartú;

— Comhar Críochach Eorpach — a bhfuil sé mar aidhm leis comhar trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach a neartú laistigh de AE.

Rinneadh na hacmhainní a sannadh don chéad sprioc a leithdháileadh ar thrí chatagóir éagsúla réigiún:

— Réigiúin mhórfhorbartha, ag a bhfuil OTI per capita os cionn 100% de mheán AE;

— Réigiúin trasdula, ag a bhfuil OTI per capita idir 75% agus 100% de mheán AE;

— Réigiúin bheagfhorbartha, ag a bhfuil OTI per capita níos lú ná 75% de mheán AE.

Déantar mionsonraí ar leithdháileadh chistí CFRE agus ar a n-úsáid amach anseo a chinneadh sna Comhaontuithe Comhpháirtíochta, ar comhaontuithe iad idir an Coimisiún agus gach Ballstát faoi conas na cistí a úsáid agus déantar iad le cúnamh ó chomhpháirtithe réigiúnacha agus sóisialta.

Leagtar amach an creat ginearálta do sheachadadh agus do chur chun feidhme CFRE i Rialachán na bhForálacha Coiteanna, lena gcumhdaítear roinnt cistí eile AE agus lena sainaithnítear cuspóirí sonracha agus raon feidhme tacaíochta féideartha.

## DÍRIÚ TÉAMACH

Sa tréimhse 2021-2027, tá cúig chuspóir beartais (CBnna) ag an mbeartas comhtháthaithe do CFRE, do CSE+, agus don Chiste Comhtháthaithe:

— Eoraip níos cliste – claochlú eacnamaíoch atá nuálach agus cliste (PO1);

— Eoraip níos glaise a fheidhmeoidh ar bheagán carbóin (PO2);

— Eoraip níos nasctha – an tsoghluaisteacht agus nascacht réigiúnach TFC (PO3);

— Eoraip níos sóisialta – cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (PO4);

— Eoraip atá níos gaire do na saoránaigh – forbairt inbhuanaithe agus chomhtháite limistéar uirbeach, tuaithe agus cósta trí thionscnaimh áitiúla (PO5).

Ní mór do gach réigiún agus do gach Ballstát 30% ar a laghad dá leithdháileadh CFRE a dhíriú ar PO2, is é sin, aistriú ísealcharbóin níos glaise i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de agus i dtreo Eoraip athléimneach. Ina theannta sin, bunaithe ar a rathúnas, ní mór do gach réigiún agus do gach Ballstát caiteachas a dhíriú ar PO1, is é sin, Eoraip níos iomaíche agus níos cliste. Ní mór an t-airgead a leithdháileadh mar a leanas:

— Ní mór do na réigiúin bheagfhorbartha nó do na Ballstáit bheagfhorbartha 25% ar a laghad a thiomnú do PO1.

— Ní mór do na réigiúin trasdula nó do na Ballstáit trasdula 40% ar a laghad a thiomnú do PO1;

— Ní mór do réigiúin níos forbartha nó do Bhallstáit níos forbartha 85% ar a laghad dá leithdháileadh a thiomnú do PO1 agus do PO2.

Tacaíonn CFRE freisin le forbairt uirbeach inbhuanaithe. Sa tréimhse 2021-2027, cuirfear 8% ar a laghad d’acmhainní CFRE (ar an leibhéal náisiúnta) i leataobh don fhorbairt uirbeach inbhuanaithe agus do chruthú an Tionscnaimh Uirbigh Eorpaigh, a ligeann do limistéir uirbeacha triail a bhaint as réitigh nuálacha ar dhúshláin uirbeacha.

Sa bheartas comhtháthaithe, tá liosta gníomhaíochtaí nach bhfuil maoiniú le fáil acu ó CFRE. Áirítear leis díchoimisiúnú nó tógáil stáisiún núicléach, bonneagar aerfoirt (seachas sna réigiúin is forimeallaí), roinnt oibríochtaí bainistithe dramhaíola (e.g. líonadh talún) agus tacaíocht do thionscal an tobac.

## BUISÉAD AGUS RIALACHA AIRGEADAIS

Le linn chlárthréimhse 2021-2027, leithdháil an tAontas os cionn EUR 392 bhilliún ar an mbeartas comhtháthaithe. Leithdháileadh tuairim is EUR 226 bhilliún ar CFRE. Áiríodh air sin EUR 9 mbilliún do Chomhar Críochach Eorpach agus EUR 1.9 billiún de leithdháiltí speisialta do na réigiúin is forimeallaí agus is mó atá tearc i ndaonra.

Bainfidh na réigiúin bheagfhorbartha tairbhe as rátaí cómhaoinithe suas le 85% de chostas na dtionscadal. Suas le 60% agus 50% faoi seach a bheidh sna rátaí cómhaoinithe do réigiúin trasdula agus do réigiúin níos forbartha.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá Parlaimint na hEorpa ar comhchéim le Comhairle an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann le reachtaíocht nua maidir leis na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta a ullmhú. Bhí an rialachán maidir le CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh, faoina bhfuil ceart iomlán ag Parlaimint na hEorpa modhnuithe a mholadh. Le linn na gcaibidlíochtaí maidir le beartas comhtháthaithe AE don tréimhse 2021-2027, d'éirigh le Parlaimint na hEorpa leibhéal an chómhaoinithe le haghaidh tionscadal a mhéadú agus feabhas a chur ar an tsolúbthacht maidir leis na rialacha a chur i bhfeidhm. Sa bhreis air sin, tá tacaíocht CFRE do chathracha neartaithe agus tá beartais uirbeacha comhtháthaithe aici.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar an ábhar seo, féach an suíomh gréasáin don Choiste um Fhorbairt Réigiúnach.

Kelly Schwarz
10/2023